

# AITHRÍ NA hAOINE

Chun go dtiocfaidh trócaire Dé agus tíolachtaí an Spioraid Naoimh le naofacht agus le neart anuas ar an Eaglais.

**T**ugaim cuireadh do chách aithrí na hAoine a ofráil ... ar mhaithe leis an intinn seo. Iarraim oraibh an troscadh, an urnaí, léamh na Scriptorú agus bhur ngníomhartha trócaireacha a ofráil ionas go dtiocfaidh grásta an chneasaithe agus na hathnuachana chun an Eaglais in Éirinn. Molaim daoibh Sacraimint na hAithrí a aimsiú athuair agus úsáid níos leithne a bhaint as an gcomhacht chlaochlaithe a bhaineann lena ghrásta.

*AN PÁPA BEINIDICT XVI*

*TRÉADLITIR CHUIG CAITLICH NA HÉIREANN*



COMHDHÁIL EASPAG  
CAITLICEACH ÉIREANN



**C**ríost naofa, gan urchóid gan smál, os é a tháinig gan d'aidhm aige ach sásamh a thabhairt i bpeacaí an phobail agus gan peaca ar bith air féin, is é an chaoi a bhfuil an Eaglais ... go bhfuil sí idir naofa agus i ngá a híonghlanta, agus ag síorleanúint dá hiarracht aithreachais agus athnuachana. Ní mór do bhail na hEaglaise uile, agus a cuid ministrí san áireamh, a admháil gur peacaigh atá iontu. Tá bailithe le chéile mar sin san Eaglais peacaigh a bhfuil slánú Chríost imithe ina luí orthu, ach atá ar chonair a naomhaithe go fóill.

*CAITICIOSMA NA HEAGLAISE CAITLICÍ 827*

- ⊕ Tá an aithrí bunriachtanach i saol an phobail Chríostaí.
- ⊕ Tagann sé ó ghloch an Tiarna chun iompaithe agus chun aithreachais.
- ⊕ Déanaimid ár mbreithiúnas aithrí a chomhlíonadh:
  - ❖ i gcuimhne páis agus bás ár dTiarna;
  - ❖ mar chomhroinnt i bhfulaingt Chríost;
  - ❖ mar chomhartha d'iompú inmheánach;
  - ❖ agus in éiric na bpeacaí.

**N**óiméid speisialta i gcleachtadh na haithrí ag an Eaglais is ea tráthanna agus laethanta na haithrí i rith bhliain an liotúirge, (tráth an Charghais, gach Aoine i gcuimhne ar bhás an Tiarna). Tréimhsí iad seo atá fíor-oiriúnach do chleachtaí spioradálta, liotúirge na haithrí, oilithreachtaí mar chomhartha aithrí, féinchránais dheonacha ar nós troscadh agus déirc a dhéanamh, ár gcuid a roinnt (le hoibreacha carthanachta agus misinéireachta).

*Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí 1438*

- ⊕ Nuair a luaitear laethanta áirithe i rith na bliana (Céadaoin an Luaithrigh agus Aoine an Chéasta) mar laethanta 'troscadh agus tréanas' ní chun iad a aonrú a luaitear iad ach chun béim níos láidre a leagan ar ghnáth-aithrí an Chríostaí.
- ⊕ Is é an Carghas séasúr traidisiúnta na hathnuachana agus na haithrí. Chomh maith le séasúr an Charghais, coimeádann Caitlicigh gach Aoine i rith na bliana mar laethanta aithríonna.
- ⊕ Tá nasc ársa ann idir an aithrí agus an Aoine – nasc a léirítear san fhocal 'Aoine' – a chiallaíonn an 'troscadh'.



## Modhanna Aithrí na hAoine

Tá na nithe seo a leanas molta chun aithrí na hAoine a chomhlíonadh:

- ⊕ Staonadh ón bhfeoil nó ó bhia eile
- ⊕ Staonadh ó deoch alcólach nó ó chaitheamh tobac
- ⊕ Iarracht speisialta a dhéanamh bheith gafa le paidreoireacht teaghlaigh
- ⊕ Iarracht speisialta a dhéanamh freastal ar Aifreann ar an Aoine
- ⊕ Cuairt a thabhairt ar Naomh Shacraimint na haltóra
- ⊕ Turas na Croise a dhéanamh
- ⊕ Troscaidh níos faide a dhéanamh ó bhia de gach saghas agus b'fhéidir an t-airgead a shábháil a thabhairt do na boicht
- ⊕ Cabhair a thabhairt do na boicht, do na heasláin, do seandaoine agus dóibh siúd atá uaigneach.

Tá na 'tweets' seo a leanas molta agus d'fhéadfá úsáid a bhaint astu gach Aoine.



**Aithrí na hAoine:**  
Déan iarracht speisialta freastal ar an bhFaoistin. Staon ón bhfeoil nó ó bhia eile.



**Aithrí na hAoine:**  
Déan iarracht speisialta a bheith gafa le paidreoireacht teaghlaigh. Déan Turas na Croise. Tabhair cabhair do na boicht, do na heasláin agus dóibh siúd atá uaigneach.